IONSTRAIMÍ REACHTÚLA.

I.R. Uimh. 371 de 2006

Sábháilteacht, Sláinte agus Leas san Láthair Oibre
(Smacht ar Fhuaim san Láthair Oibre)
Rialúcháin 2006

FOILSITHE AG AN OIFIG STÁTSEANÓIREACHTA
BAILE ÁTHA CLIATH
Le ceannach díreach ó
OIFIG DHÍOLACHÁN FOILSEACHÁN RIALTAIS
TEACH SUN ALLIANCE, SRÁID MHOLESWORTH, BAILE ÁTHA CLIATH 2,
nó trí ordú poist ó
FOILSEACHÁIN AN RIALTAIS, RANNÓG TRÁDÁLA POIST,
51, FAICHE STIABHNA, BAILE ÁTHA CLIATH 2
(Fón: 01-6476834/35/37; Glao íseal 1890 213434; Macasamhail: 01 6476843)
nó trí aon díoltóir leabhar

(PRN. A6/1163 Praghas €3.05

I.R. UIMH 371 de 2006

Sábháilteacht, Sláinte agus Leas san Láthair Oibre
(Smacht ar Fhuaim san Láthair Oibre)
Rialúcháin 2006

LEAGAN AMACH NA RIALÚCHÁN

Rialúcháin

1. Lua agus Tosach.

2. Míniúchán.

3. Cur i bhfeidhm.

4. Luach Theorann Nochtadh agus Luach Ghnímh Nochtadh.

5. Aithint agus Measúnacht Riosca.

6. Fórála dírithe ar Nochtadh a Laghdú nó ar iad a Sheachaint ar fad.

7. Cosaint Phearsanta.

8. Eolas don Fhostaí, Traenáil agus Chomhchaint.

9. Faire ar Shláinte.

10. Díolúine.

11. Idir-Thréimhsí.

12. Aisghairmeacha agus Coigiltis.

I.R. Uimh. 371 de 2006
Sábháilteacht, Sláinte agus Leas san Láthair Oibre
(Smacht ar Fhuaim san Láthair Oibre)
Rialúcháin 2006

Deinim-se, Tony Killeen, Aire Stáit ag an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, agus mé ag cur i bhfeidhm na gcumhacht tugtha dom ag roinn 58 de Acht Sábháilteacht, Sláinte agus Leas ag Obair 2005 (Uimh. 10 de 2005) agus ag Ordú 2005 (I.R. Uimh. 316 de 2005) de chuid Fhiontar, Trádála agus Fostaíochta (Feidhmeanna an Aire a Thiomnú), agus tuilleadh éifeachta a thabhairt do Threoir 2003/10/PE de Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle de 6ú Feabhra 2003[1], tar éis dul i gcomhairle leis An Údarás Sláinte agus Sábháilteachta, na rialúcháin seo a leanas:

Lua agus Tosach

1. (1) Is féidir na Rialúcháin seo a lua mar Sábháilteacht, Sláinte agus Leas i mbun Oibre (Smacht ar Fhuaim ins an Láthair Oibre) Rialúcháin 2006.

2. Ag cur na hidir-thréimhsí atá Luaite go speisialta i Rialúchán 11, beidh na Rialúcháin seo ag teacht i bhfeidhm do réir mar a dhéantar iad.

Ciall a bhaint as

2. (1) Ins na Rialúcháin seo –

[1] O.J Uimh. L42, 15.2.2003 l. 38

"Acht" is é is ciall leis ná an t-Acht Sábháilteachta, Sláinte agus Leasa ins an Láthair Oibre 2005 (Uimh 10 de 2005);

"Údarás" ciallaíonn seo An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta mar atá sainmhínithe i gCuid a 5 den Acht;

"leibéal nochtadh fuaime laethúil" ráite mar ($L_{ex,8h}$) (dB)(A) re:20 μPa), ciallaíonn seo meán den am-meaite den léibhéal nochtadh fuaime do lá oibre, ainmnithe mar ocht n-uair a'chloig, sainmhínithe de réir chaighdeáin idirnáisiúnta le haghaidh Chaighdeánú) 1999: 1990, poinnte 3.6, ag cur gach uile fhuaim ins an láthair oibre san áireamh, chomh maith le fuaim taghdach;

"Treoiriúchán" ciallaíonn Treoiriúchán 2003/10/PE de Pharlaimint na hEorpa agus den Chomhairle 6 Feabhra 2003[2];

"luacha gníomhacha nochtadh" ciallaíonn seo leibhéal nochtadh fuaime laethúil nó léibhéal an uas-phointe brú fuaime gur rud é má théitear os a cionn do aon fhostaí, gur gá gníomhaíocht sainiúil a thógaint chun an chontúirt a laghdú;

"luach theorann nochtadh" ciallaíonn seo an léibhéal nochtadh fuaime laethúil nó uas-phointe brú fuaime, nach gceadaítear do aon fhostaí dul thairis;

"fuaim"is éard is ciall leis seo nó aon fhuaim so-chloiste;

[2] O.J. Uimh. L.42, 15.2.2003, l. 38

"Brú Buaic-Phointe Fuaime", atá ráite mar (B_{buaic}), a chiallaíonn uas-luach "C" - brú fuaime láithreach de chlosmhinicíocht meáite;

"Leibhéal nochta seachtainiúil" ráite mar ($L_{ex, 8h}$), a chiallaíonn an meán meáite ama den leibhéal nochta fuaime ar feadh ghnáth-sheachtain oibre chúig lá, de ocht n-uaire cloig sa ló, mar atá sainmhínithe ag an gcaighdeán idirnáisiúnta OCI 1991: 1990, Pointe 3.6 (Nóta 2).

(2) Treorúchán, tá an brí céanna leis ins na Rialúcháin seo, fé mar atá aige ins an Treoir, ach sa chás gur léir gur malairt aigne atá ag teastáil.

Cur in oiriúint

3. Tá na Rialúcháin seo dírithe ar ghníomhaíochtaí ina mbíonn na fostaithe nochtadh do chontúirtí, dá sábháilteacht agus sláinte, nó gur dóichí go mbeidh, a thagann ó bheith nochtadh do ghlór, i rith a gcuid oibre agus, go háirithe an baol don éisteacht.

Luacha Theorann Nochtadh agus Luacha Gníomhacha Nochtadh

4. (1) Maidir leis na Rialúcháin seo, is iad seo leanas na luacha teorann nochtadh agus na luacha gníomhaíochta nochtdh, i dtaobh na léibéil nochtadh fuaime laethúla agus an brú fuaime uas phointe -

(a) luacha theorann nochtadh -

$L_{ex.\ 8h}$ = 87dB(A) agus B_{buaic} = 140dB(C) i gcomparáid le 20 µ Pa.,

(b) uasluacha gníomhaíochta nochtadh -

$L_{ex,\ 8h}$ = 85dB(A) agus B_{buaic} = 137dB(C) i gcomparáid le 20 µ Pa.,

(c) íosluacha gníomhaíochta nochtadh -

$L_{ex,\ 8h}$ = 80 dB(A) agus B_{buaic} = 135 dB(C) i gcomparáid le 20µ Pa,

(2)(a) Nuair a bhíonn an fostóir ag cur na luacha theorann nochtadh, luaite in alt (1)(a), i bhfeidhm agus é ag deimhniú nochtadh éifeachtach an fhostai, caithfidh sé a chur san áireamh an tiúnáil a sholatharaíonn na cosantóirí éisteachta aonaracha atá á chaitheamh ag an bhfostaí.

(b) Ní chuirfidh na luacha gníomhaíochta nochtadh, luaite in alt (1)(b) agus (c) in san áireamh, an toradh a bhéadh ag aon tsórt cosainteoirí éisteachta, fé mar atá luaite sa fo-alt (a).

(3) I gcás gníomhaíochtai in a mbíonn an fhuaim nochtadh laethúil ag athrú go mór ó ló oibre amháin go ló oibre eile, is féidir leis an bfostóir, d'fhonn na luacha theorann nochtadh agus na luacha gníomhaíocha nochtadh a chur i bhfeidhm, an leibhéal seachtainiúl fuaime nochtadh a úsáid in ionad an léibhéal laethúil fuaime nochtadh, chun na leibhéil fuaime a mheas, go bhfuil a f(h)ostaithe nochtadh, ag glacadh leis -

(a) nach dtéann an léibhéal seachtainiúl fuaime nochtadh, mar is léir ó scrúdúchán sásúil, thar an luach theorann nochtadh de 87db(A), agus

(b) go dtógtar beartanna cuí chun an riosca a bhaineas leis na gníomhaíochtaí seo a laghdú go dtí an ios-phointe.

Aithint agus Measúnacht Riosca

5. (1) Gan faillí ar riachtanaisí ranna 19 agus 20 den Acht, mar a bhfuil baol do fhostaithe a bheith nochtadh do fhuaim, san láthair oibre, atá os cionn ios-luach gníomhaiochta nochtadh, caithfidh an fostóir, i gcomhairle len a f(h)ostaithe nó len a n-ionadaíthe, nó ceachtar díobhtha, measúnacht sásúil agus cuí den riosca ón a leithéid de nochtadh.

(2) Caithfidh an fostóir, más gá, agus é ag déanamh an mheasúnacht riosca atá luaithe in alt a (1), na léibhéil fuaime a thomhas, go bhfuil a f(h)ostaithe nochta dóibh.

(3) Beidh an fostóir freagrach don mheasúnacht, luaite in alt (1) agus (2), a bheith pleanáilte agus curtha i gcrích is i gcomhair's i gceart ó am go ham agus go mbeidh aon samplaí a dhéantar i gcomhréir le nochtdh pearsanta laethúla an fhostaí do fhuaim.

(4) Déanfar na modhanna oibre agus aon treallamh a úsáidtear i measúnacht na fuaime in san láthair oibre, le haghaidh na Rialúchán seo, a chur in oiriúint dos na toscai san am sin, go mór mhór, i gcás na tréithneacha den fhuaim atá le tomhas, faid an

nochtadh, nithe sa timpeallacht agus na tréithneacha den treallamh tomhais, ionas gur féidir na teorainneacha sainmhínithe i Rialúchán 2 a aithint, agus a chinneadh, pé acu, i gcás áirithe, go ndeachathas thar fóir leis na luacha luaite go speisialta i Rialúchán 4.

(5) Tabharfaidh an fostóir aire ar leith, nuair a bhíonn measúnacht riosca ar siúl aige/ aici, faoin Rialachan, dos na rudaí seo leanas -

(a) an libhéal, saghas agus faid an nochta agus nochta do ghlór taghdach san áireamh.

(b) na luacha teorann nochta agus na luacha gníomhaíochta nochta sainmhínithe i Rialúchán 4,

(c) na torthaí a bhíonn ar nochtadh do ghlór ar fhostaithe, go bhfuil a sábháilteacht nó a sláinte, faoi riosca ar leith ón a leithéid de nochtadh,

(d) chomh fada in aon chor agus ab' fhéidir go teicniciúil, aon torthaí ar shábháilteacht agus ar shláinte na bhfostaithe, de bharr idirghníomhaíoctaí idir ghlór agus substaintí nimhneacha a ghabhann le hobair agus idir ghlór agus tonncreathanna,

(e) aon torthaí indíreacha ar shábháilteacht nó ar shláinte an fhostaí de bharr idir fhuaim agus idir chomharthaí rabhaidh nó fuaimeanna eile gur ceart iad a iniúchadh, d'fhonn riosca na dtimpistí a laghdú,

(f) aon eolas faoi astúcháin fuaime curtha ar fáil ag déantúsóirí treallamh oibre do réir roinn a 16 den Acht,

(g) go mbeadh treallamh deartha de shaghas eile ar fáil chun astúchán fuaime a laghdú,

(h) fadú den astúchán do fhuaim thar ghnáth uaireanta oibre faoi fhreagaracht an fhostóra,

(i) eolas cuí faighte ó fhaire shláinte iniata, más féidir eolas foilsithe agus cosainteoirí éisteachta a bheith ar fáil le go leor tréithe tanaí, agus

(j) cosainteoiri éisteachta a bheith ar fáil le tréithe laghadaithe sásúla.

(6) Gan faillí do sholáthrachtaí na roinne 19(3) den Acht, déanfaidh an fostóir athbhreithniú ar mheasúnú riosca a deineadh dos na Rialúcháin seo, i gcás gur thaispeáin torthaí den fhaire shláinte, a deineadh do réir rialúcháin a 9, a bheith riachtanach.

(7) Caithfidh an fostaí tuairisc a choimeád ins an ráiteas sábháilteachta a cuireadh ar phár de réir roinn 20 den acht -

(a) torthaí an mheasúnú riosca, chomh fada agus is féidir, tar éis é a dhéanamh, agus

(b) na hiarrachtaí a rinne sé nó sí, riachtanaisí na Rialúcháin 6, 7 agus 8 a chomhlíonadh.

(8) Déanfar aithbhreithniú ar an measúnú agus, mas gá, ar an dtomhas, luaite in alt a (2), go rialta agus, go speisialta, féachaint ar deineadh na coinníollacha, sainmhínithe i roinn a 19 (3)(a) agus (b) den Acht a chomhlíonadh.

Forála chun Nochtadh a Laghdú nó a Sheacaint

6. (1) ag dul de réir na bprionsabal ginerálta faoi choisc, leagtha amach sa sceideal 3 don acht, agus i gcomhairle len a f(h)ostaithe nó ionadaithe, nó ceachtar díobh, déanfaidh an fostóir deimhin de, chomh fada agus is féidir in aon chor, go ndéanfar an riosca, ó nochtadh dá f(h)ostaithe, do fhuaim, a ghearradh amach ag an bhfoinse nó go mbeadh sé laghdaithe chomh híseal agus ab'fhéidir.

(2) Ag comhlíonadh na riachtanaisí in alt (1) dó, déanfaidh an fostóir cúram des na rudaí seo leanas, go háirithe -

(a) modhanna eile oibre a dhéanfaidh nochtadh do fhuaim a ghearradh amach ar fad nó a laghdú,

(b) Rogha de threalamh oibre oiriúnach, ins an sórt oibre atá le déanamh ag astúchán a laghad fuaime ab'fheidir fiú, glacadh leis go bhféadfaí trealamh oibre a chur ar fáil dos na fostaithe, do réir roinn 16 den Acht agus é mar aidhm aige srian a chur le nochtadh do fhuaim,

(c) an dearadh agus an laegan amach do áiteanna oibre agus do sháisiúin oibre,

(d) go leor eolais agus traenáil chun a mhúineadh dos na fostaithe conas an trealamh a úsáid i gceart, agus go cúramach, d'fhonn an méid fuaime atá ina dtimpeall a laghdú chomh híseal agus ab'fhéidir,

(e) ísliú fuaime ar mhódhanna teicniciúla, mar shampla -

(i) ísliú ar an bhfuaim a bhíonn á bhreith mór-thimpeall san aer, trí sciathanna d'úsáid, cuir i gcás, nó trí fál a chur timpeall ar áit áirithe agus le clúdaigh d'úsáid a dhéanfadh an fhuaim súisteach.

(ii) ísliú ar an bhfuaim a bhíonn á bhreith mór-thimpeall na struchtúr, trí thaisriú, cuir i gcás, nó trí aonrú,

(f) cláracha cearta cothabhála don treallamh oibre, na hionaid oibre agus dos na córais oibre,

(g) an obair a eagrú chun an fhuaim a ísliú, trí –

(i) srian a chur le faid agus le déine an nochtadh

(ii) sceidil oibre cuí a eagrú le sosanna sásúla

(3) Má thuigtear ón measúnú riosca luaite, Rialúchán a 5, go bhfuil an t-uasluach gníomhaíochta nochtadh sáraithe, leagfaidh an fostóir amach, clár de shlite theicniúla nó eagrúchain nó ceachtar díobh agus cuirfidh sé i mbun oibre iad, deartha chun nochtadh do fhuaim a ísliú, ag cur san áireamh, go speisialta, na slite luaite in altanna (1) agus (2).

(4) Má thugann measúnú riosca le fios go bhfuil stáisiúin oibre laistigh den ionad oibre, gur dócha, go mbeidh na fostaithe ann, nochtaithe do fhuaim os cionn 85 dB(A), caithfidh an fostóir -

(a) fógraí rabhaidh riachtanach a chur ar taispeáint, do réir Rialúcháin 1995 (I.R. uimh.132 de 1995), faoi Shábháilteacht, Sláinte agus Leas in san ionad oibre (Fógraí), chun an t-eolas a chur in iúil -

(i) gur dócha go sáróidh an léibhéal fuaimeag ag an stáisiún oibre úd, an t-uasluach gníomhaíochta nochtadh, agus

(ii) go bhfuil cosainteoirí ar fáil agus go gcaithfear iad a chaitheamh, agus

(b) deimhin a dhéanamh de, go bhfuil na stáisiúin oibre úd cosainte le bacainní nó ar shlite oiriúnacha eile a chuirfeadh cosg le daoine, gan cead isteach acu, in áit arbh fhéidir na slite úd a úsáid go teicniúil, agus in áit gur bhfiú an riosca nochtadh úd a leithéid de shrianta.

(5) Ag glacadh le rialúchán a 11, déanfaidh an fostóir deimhin de -

(a) nach bhfuil a f(h)ostaithe nochta do fhuaim os cionn an luach theorann nochtadh,

(b) ach, in ainneoin na slite éagsúla a tógadh chun déanamh de réir na rialúcháin seo, feictear fós go bhfuil nochtadh os cionn an luach theorainn nochtadh, caithfidh sé nó sí, láithreach bonn-

(i) cur chun oibre, láithreach chun an nochtadh do fhuaim a ísliú faoin luach theorainn nochtadh,

(ii) a fháil amach cad fé ndearr' don teorainn úd a bheith á shárú, agus

(iii) athraigh na slite teicniúla agus eagrúcháin, a tógadh do réir altanna (i) agus (2) chun cosg a chur leis an luach theorainn nochtadh a bheith á sharú a thuilleadh.

(6) In áit ar bith, ag cur an cineáil gníomhaíochta san áireamh, go gcuirtear áiseanna sosa ar fáil, déanfaidh an fostóir deimhin de, go bhfuil an fhuaim ins na háiteanna sosa úd, laghaithe go léibhéal atá ar aon dul len a aidhm agus leis na coinníollacha ina mbaintear úsáid astu.

(7) Glacfaidh an fostóir le haon tslí atá do réir riachtanaisí an rialúcháin seo i gcás aon fhostaí go bhfuil a shábháilteacht nó a shlainte i riosca áirithe ó nochta do fhuaim.

Cosaint Phearsanta

7. (1) Do reir na ranna 8, 9, 10, 13 agus 14 den Acht, agus, i gcás nach feidir na cosaint a fhail os na riosca, ó nochta do fhuaim, in aon tslí eile, cuirfidh an fostóir ar fáil, cosainteoirí, éisteachta aonaracha oiriúnacha, go nglactar leo ag na hionstaimí reachtúla cuí, agus go n-úsaidfidh a f(h)ostaithe iad, faoi na coinníollacha, leagtha síos in altanna a (2) agus a (3).

(2) In áit go saraíonn na nochta fuaime na h-íos luacha gníomhaíochta nochta, cuirfidh an fostóir cosainteoirí éisteacta, aonaracha ar fáil.

(3) Aon fhostaí gur ionann nó go sáraíonn a nochta féin na huas-luacha gníomhaíocha nochta, úsáidfidh sé nó sí cosainteoir éisteachta, aonaracha

(4) Déanfar na cosainteoirí éisteachta aonaracha, luaite in alt (i) a thogha, tar éis dul i gcomhairle leis na fostaithe céanna nó len a n-ionadaithe nó le ceachtar díobh, d'fhonn an riosga don eisteacht a ghearradh amach ar fad nó é laghdú chomh híseal agus ab'fheidir.

(5) Déanfaidh an fostóir deimhin de, chomh fada agus is féidir in aon chor, -

(a) go n-úsáidtear cosainteoirí éisteachta do réir alta (3), agus

(b) go bhfuil na modhanna oibre faoi na Rialúchain éifeachtach.

Eolas do Fhostaithe, Traenáil agus Chomhchainteanna

8. (1) Gan faillí i ranna a 9 agus 10 den Acht, i gcás go bhfuil a f(h)ostóirí nochta do fhuaim in san láthair oibre, ag ios-luacha gníomhaíochtaí nochta, nó os a cionn, cuirfidh an fostóir ar fáil dóibh agus dá n-ionadaithe, nó do cheachtar díobh, go leor eolais, oiriúnach agus traenáil, go bhfuil baint acu le riosca de bharr nochta do fhuaim.

(2) Gan faillí don ngineráltacht in alt (1) i measc an eolais agus an traenail curtha ar fail faoin alt sin, beidh –

(a) nadúr a leitheid de rioscaí,

(b) na slite teicniciúla agus eagraíochta a tógadh, chun riachtanaisí rialúchain a 6 a chomhlíonadh,

(c) na luacha teorann nochtadh agus na luacha gníomhaíochtaí nochtadh atá sainmhínithe i rialúchan a 4,

(d) torthaí den mheasúnacht agus des na tomhaiseanna fuaime, a deineadh, de réir rialúchán a 5 agus an míniú faoin a dtábhacht agus faoin mbaol riosca a bhaineann leo,

(e) an tslí cheart chun cosainteoirí éisteachta a úsáid,

(f) Conus agus cathain na comharthaí faoi dochar éisteachta a aithint agus a chur in iúil,

(g) na hócháidí go gcuirtear faire shláinte ar fail do fhostaithe agus an chúis leis do réir rialúchán a 9,

(h) cleachtaí oibre sábhailte chun nochta do fhuaim a bheith chomh híseal agus ab'fhéidir.

(3) An chomhairle leis na fostaithe, de réir Rialúchain 5(1), 6(1) agus 7(4), cuirfear i bhfeidhm é i dtaca leis an roinn 26 den acht.

Faire Sláinte

9. (1) Gan faillí do roinn 22 den acht, beidh sé de dhualgas ar an bhfostoír, deimhin a dhéanamh de go ghfuil faire sláinte oiriúnach ar fáil dos na fostaithe úd, go léiríonn an measúnú riosca, luaite i rialúchán a 5, riosca dá slainte.

(2) Gan faillí, don ghineráltacht in alt (1) déanfaidh an fostóir –

(a) i gcás na bhfostaithe, go bhfuil a nochta ag sárú luacha gníomhaíochtaí uas-nochta, cuirfidh sé (an fostóir) seirbhísí dochtúir leighis, cláraithe, ar fáil dóibh, chun scrúdú éisteacha a dhéanamh iad féin, nó go nglacfaí an cúram orthu féin, nó go ndéanfaí é ar a son.

(b) i gcás na bhfostaithe go sáraíonn a nochta, luach gníomhaíochta ios-nochta is ceart tástáil cosanta closméadrach a chur ar fáil dóibh.

(3) Is é an aidhm atá leis na scrúdaithe éisteachta agus leis a tástáil chlosméadrach, luaite in alta (2), ná go gcuirfidís fáthmheas luath ar fáil, de aon chailliúint éisteachta de bharr fuaime agus chun cabhair a thabhairt i gcaomhnú éisteacha.

(4) Déanfaidh an fostóir deimhin de, go bhfuil cuntais sláinte aige dá f(h)ostaithe uile, a ghabhann faoi fhaire sláinte de réir altanna (1) agus a (2) agus go gcoiméadtar an cuntas so nó cóip de i riocht oiriúnach, chun gur féidir teacht air gan dua, níos déanaí ach amháin, go mbeifí cúramach faoin a rúndacht.

(5) Déanfaidh an fostóir –

(a) nuair a iarrtar air, cead a thabhairt do fhostaí a c(h)untas pearsanta sláinte a fháil le hiniúchadh,

(b) a chur ar fáil don údarás, cóipeanna des na cúntais sláinte seo, pé uair a mbeidís uatha.

(c) má thagann deireadh le gnó an fhóstóra ba cheart dó nó di, é sin a chur in iúil don údarás láithreach i scríbhinn agus gach aon chuntas sláinte, dá bhfuil aige/ aici, a chur ar fáil don údaras, do réir na rialúchán seo.

(6) Sa chás, de thoradh faire ar an bhfeidhm éisteachta, de réir an rialúcháin seo, faightear amach go bhfuil dochar aitheanta éisteachta ag an bhfostaí, déanfaidh dochtúir

leighis cláraithe a iniúchadh, cé acu ar tharla an dochar de bharr nochta do fhuaim in san láthair oibre agus, más féidir, é sin a dheimhniú -

(a) ba cheart don dochtúir leighis cláraithe an toradh a bhaineas leis nó léi, a chur in iúil do gach fhostaí atá bainteach leis, go pearsanta, agus

(b) Déanfaidh an fostóir -

(i) aithbhreithniú ar an measúnú riosca a deineadh do réir Rialúchán 5,

(ii) aithbhreithniú ar na slite atá ar fáil chun laghdú nó deireadh ar fad a chur leis an riosca, do réir Rialúcháin a 6.

(iii) cuir san áireamh comhairle an dochtúir leighis chláraithe nó éinne eile atá cáilithe i gceart, nó an tÚdarás ag cur i bhfeidhm in aon slite atá riachtanach chun an riosca a laghdú nó a ghearradh amach ar fad, do réir na Rialúchán 6 agus 7, ag cur san áireamh an tseans go bhféadfaí an fostaí a chur i mbun oibre eile ar fad, ar fad, in áit nach bhfuil riosca ar bith de a thuilleadh nochta, agus

(iv) socraithe a dhéanamh le haghaidh faire sláinte rialta agus socraithe, freisin, do athbhreithniú ar stádas sláinte aon fhostaí eile a bhí nochta sa tslí chéanna.

Díolúine

10. (1) do réir altanna (2) agus (3), is feidir leis an Údarás, i gcásanna eisceachtúla,le teastas nó i scríbhinn díolúine a cheadú do dhuine áirithe nó ar dhream áirithe dhaoine os na riachtanais ins na Rialúcháin 6(5) agus 7(1), (2) agus (3), i gcás an tsaghas oibre gur dócha, go mbeadh úsáid iomlán agus ceart na gcosainteoirí éisteachta aonaracha mar riosca níos mó do shabháilteacht nó do shláinte, thar mar a bheadh, muna gcaithfí ar chor ar chor ar bith iad, agus is féidir a leithéid de dhíolúine a cheadú do réir na gcoinníollacha, agus teorainn ama san áireamh.

(2) Níl cead ag an Údarás díolúine a cheadú faoi na Rialúcháin muna -

(a) dtéann sé i gcomhairle le hionadaithe na bhfostóirí agus na bhfostaithe agus éinne eile a cheapann sé a bheadh oiriúnach.

(b) bhfuil na rioscaí laghdaithe, de bharr an díolúine áirithe seo, chomh fada agus is féidir in aon chor, agus

(c) bhfuil na fostaithe seo ag fáil faire sláinte oiriúnach.

(3) Déanfar aithbhreithniú, ar aon díolúine a cheadaigh an tÚdarás faoin Rialúchán seo, uair amháin, ar a laghad, in aghaidh gach ceithre bliana déanfar é aisghairm, le teastas nó i scribhinn, am ar bith, a luaithe nach mbíonn na toscaí a cheadaigh i dtosach é san áireamh a thuilleadh.

Idirthréimhsí

11. (1) I gcás fostaithe ar bord loingeas mara, ní bheidh Rialúcháin 6(5) i bhfeidhm go dtí 15 Feabhra, 2001.

(2) Faoi réir alt a (3) ní bheidh na Rialúcháin seo i bhfeidhm, i gcás na ranna cheoil agus siamsaíochta go dtí 15 Feabhra, 2008.

(3) Leanfaidh na Pobail Eorpacha (Cosaint Oibrithe)(Nochta do Fhuaim) des na Rialúcháin 1990 (I.R Uim. 157 de 1990) i bhfeidhm sna ranna ceoil agus siamsaíochta go dtí 14 Feabhra 2008.

Aisghairmeacha agus Coigiltis.

12. Faoi réir Rialúcháin 11(3), tá na Rialúcháin 1990 (I.R Uimh.157 de 1990) des na Chomhphobail Eorpacha (Cosaint Oibrithe)(Nochta do Fhuaim), aisghairmthe

TUGTHA faoi mo láimh

Ar an 13ú Iúil 2006

_____

Tony Killeen

Aire Stáit sa Roinn Fiontar,

Trádála agus Fostaíochta

NÓTA MÍNITHE

(Níl an nóta so mar chuid de nah- Ionstraimí agus ní mhaíonn sé gur teangaireacht dleathach é)

Is é aidhm na Rialúchán seo ná chun an Treoir 2003/10/EC de Pharlaimint na hEorpa agus den Chomhairle, 6 Feabhra, 2003 d'athscríobh faoi na híos- riachtanais, sláinte agus sábháilteachta, i dtaobh nochta na bhfostaithe, do riosca, de bharr toscaí choirp (fuaim) an seachtdéagú Treoir aonarach, faoin réimeas céille Alt a 16(1) den Treoraí 89/391/PEE 12 Meitheamh 1989 (O.J. Uimh.L. l83, 26.6.1989, L.1).

Déanann na Rialúcháin aisghairm agus malartú áite leis na Rialúcháin1990 (I.R. Uimh 157 de 1990 des na Chomhphobail Eorpacha (Cosaint Oibrithe)(Nochta do Fhuaim) ach ag glacadh leis go bhfuil na Rialúcháin fós i bhfeidhm i gcás na ranna ceoil agus siamsaíochta go dtí 15 Feabhra 2008. Tá an idirthréimhse seo bunaithe ar an aitheantas i dTreoraí 2003/10 EC, go bhfuil treoracha praiticiúla ag teastáil chun deighleáil leis na tréithe speisialta a bhaineann leis na ranna ceoil agus siamsaíochta, d'fhonn allúntas le haghaidh feidhmiúchán éifeachtach dos na forálacha leagtha síos in san treoraí.
Tá an tréimhse seo ann chun gur féidir leis na Baill Stáit, cód iompair a fhorbairt, le haghaidh treoracha praiticiúla a chabhróidh leis na fostóirí agus leis na fostaithe, ins na ranna sin na léibhéil chosanta a shroichint, atá bunaithe ins an Treoraí agus ins na Rialúcháin athcríobhtha.

Maidir leis an cosaint do nochta dos na fostaithe do fhuaim dhíobhálach san láthair oibre, déanann na Rialúcháin neartú agus cuireann mion-eolas speisialta breise, le sraith forálacha ginerálta, san Acht faoi Shábháltacht, Sláinte agus Leas san Láthair Oibre 2005.

Deimhníonn na Rialúcháin (i) "luacha gníomhaíochtha nochta" sé sin, má sháraítear, leibhéal laethúil nochtadh fuaime nó uas-leibhéal bhrú, go gcaithfear céimeanna cinnte a leanúint, chun an riosca do fhostaithe, a laghdú, agus (ii) nach sáraíonn "na luacha teorann nochta" an leibhéal laethúil nochtadh fuaime, nó uas-bhrú fuaime do aon fhostaí

Caithfidh an fostóir deimhin a dhéanamh de go bhfuil an riosca do nochtadh dá f(h)ostaithe, do fhuaim, stopaithe ar fad ag an bhfoinse nó sa chás nach féidir so a dhéanamh é a laghdú chomh híseal agus is féidir.

I gcás go bhfuil baol ann go mbeadh na fostaithe nochtadh do fhuaim sa láthair oibre, ag uasluach gníomhaíochta nó os a chionn, tá iacaibh ar ar an bhfostóir measúnacht oiriúnach agus sásúil a dhéanamh den riosca de bharr a leithéid de nochtadh.
Más léir ón mheasúna riosca, go bhfuil an tuasluach gníomhaiochta sáraithe, caithfidh an fostóir clár teicniciúl nó slite eagrúcháin, nó ceachtar díobh a bhunú agus a chur i mbun oibre, chun an nochtadh do fhuaim a laghdú.

Caithfidh an fostóir deimhin a dhéanamh de nach bhfuil a f(h)ostóirí nochtadh do fhuaim os cionn an luach theorann nochtadh nó má fheictear go bhfuil nochtadh os cionn an luach theorann nochtadh, caithfidh sé nó sí, féachaint cuige go ndéantar an nochtadh do

fhuaim a laghdú níos ísle ná an luach theorann, agus a fháil amach na cúiseanna gur deineadh an teorann úd a shárú, agus go ndéantar na slite teicniciúla agus eagrúcháin a fheabhsú chun é a chosg ón a bheith á shárú a thuilleadh.

In áit ina sháraíonn nochtadh fuaime na luacha gníomhaíochtaí ísle, caithfidh fostóir cosainteoirí éisteachta aonaracha a chaitheamh.

Tá ar an bhfostóir, deimhin a dhéanamh de, chomh fada agus is féidir in aon chor é, go n-úsáidtear cosainteoirí éisteachta do réir na Rialúchán, agus go bhfuil na slite sin éifeachtach.

Chomh maith le bheith níos cruinne leis na forálacha i dtaobh eolais, traenála agus chomhchainteanna, do fhostaithe, cuireann na Rialúcháin, dualgas ar an bhfóstóir, socraithe a chur ar fáil do fhaire sláinte oiriúnach dos na fostaithe úd, a thaispeáin measúnú riosca, faoi na Rialúcháin go raibh riosca dá sláinte.

Praghas: €3.05